
# Eolaí Óg



Eochairfhocail: taighde, comórtas, Veiniséala, togra, inmheatróis, eacnamaíocht inbhuanaitheachta

Príomhscileanna: éisteacht, scríobh, léitheoireacht, labhairt

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cén duine a chuir tús le himeachtaí Chomórtas Eolaí Óg na bliana seo? an tUachtarán Catherine Connolly
2.Cén tír a luaigh Catherine Connolly ina hóráid?
3.Cén t-ábhar taighde a bhí ag scoláirí Ghaelcholáiste Chiarraí?
4.Cén scoil a scrúdaigh tionchar na meán sóisialta ar mheabhairshláinte daoine óga?
5.Cén rud suimiúil a d'aimsigh scoláirí Ghaelcholáiste Chiarraí agus iad i mbun taighde ar an teacht aniar atá ag stoc tithíochta na tíre le hathrú aeráide a sheasamh?
6.Cén tinneas a ndeachaigh togra scoláirí Choláiste Daibhéid i ngleic leis?
7.Cén gaol de chuid Michelle Ní Fhátharta a raibh geansaí dá chuid aici dá togra?
8.Cen fáth ar úsáid scoláirí Naomh Eoin ó Inis Meáin éadaí traidisiúnta Árann mar chuid dá dtogra?
9.Cathain a thiocfaidh deireadh le himeachtaí Chomórtas an Eolaí Óig i mbliana?
10. An dtaitníonn an eolaíocht leat mar ábhar scoile? Cén fáth?



## Gníomhaíocht Smaointeoireachta:

**Ag obair le do pháirtí ranga féachaigí ar an mír nuachta arís pléigí an bhfuil na ráitis seo a leanas fíor nó bréagach. Tá an chéad cheann déanta mar threoir.**

| | |
|---|---|
| Bíonn Comórtas an Eolaí Óig ar siúl i mí Feabhra gach bliain | B |
| Ba é an Taoiseach Mícheál Martin a chuir tús le himeachtaí an Chomórtais i mbliana | |
| Tá cúrsaí a bhaineann le Veiniséala go mór i mbéal an phobail faoi láthair | |
| Ní ghlacann aon ghaelcholáistí páirt i gComórtas an Eolaí Óig | |
| Ghlac scoláirí ó mheánscoileanna éagsúla ó Oileáin Árann páirt sa chomórtas i mbliana | |
| I measc na dtograí a bhí le feiceáil ag an gcomórtas i mbliana bhí tograí ar pheil na mban, athrú aeráide, cúrsaí tithíochta, inmheatróis agus an eacnamaíocht inbhuanaitheachta | |
| Togra faoi chúrsaí timpeallachta a bhí ag scoláirí Choláiste Daibhéid ó Chorcaigh | |
| Tá fáilte roimh an bpobal i gcoitinne teacht agus féachaint ar na tograí éagsúla | |
| Mairfidh an comórtas go ceann coicíse eile | |
| San RDS i mBaile Átha Cliath atá Comórtas an Eolaí Óig ar siúl i mbliana | |
| Tá an comhlacht Stripe ar cheann de phríomhurraitheoirí Chomórtas an Eolaí Óig 2026 | |

## Gníomhaíocht Scríbhneoireachta

**Is scoláire idirbhliana tú a d'fhreastail ar Chomórtas an Eolaí Óig i mbliana. Iarrann do mhúinteoir Gaeilge ort cuntas 150 focal a scríobh ar an lá a chaith tú san RDS. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat.**

- atmaisféar beomhar
- ó thús go deireadh an lae
- tograí suimiúla
- shiúlamar timpeall
- scoláirí cumasacha
- Ba é an togra ab fhearr ar fad ná...
- moltóirí
- d'fhoghlaimíomar an-chuid
- ar taispeáint
- mhúscail sé spéis san eolaíocht ionam
- an halla plódaithe
- ba mhaith liom a bheith ....

## Freagraí

1.An tUachtarán Catherine Connolly
2. Veiniséala
3. Na cúiseanna a dtréigeann 50% de chailíní peil na mban agus iad sna déaga
4. Coláiste Ghobnait, Inis Oírr
5. Is iad na seantithe is fearr atá réidh leis an drochaimsir a sheasamh
6.Inmheatróis
7.A huncail
8.Mar tá ceachtanna le foghlaim uathu mar chuid den eacnamaíocht inbhuanaitheachta
9.Dé Sathairn beag seo

1. B
2. F
3. F
4. B
5. F
6. F
7. B
8. F
9. B
10. F
11. F

